# Abairtí/frásaí coitianta sna Tuairiscí Cinn Bliana

*Below is a list of commonly used phrases and sentences in the end of year school reports.*

**Conas cur leis an tacaíocht a thugann tú do do pháiste;** *How you can support your child;*

Coinnigí oraibh le roinnt léitheoireachta i rith an tsamhraidh.
*Continue reading together during the summer.*
Ba mhaith an rud é nós na léitheoireachta a choinneáil suas, más féidir.
*It would be a good thing to keep up the habit of reading, if possible.*
Má léann sibh le chéile, pléigí a mbíonn léite agaibh.
*If you are reading together, talk about what you have just read.*
Teastaíonn breis tacaíochta ó X sa léitheoireacht, mar go léann sé an-mhall.
*X requires extra support with reading, because s/he reads very slowly.*
Gabhfaidh sé chun tairbhe dó/di má léann tuismitheoir in éineacht leis/léi.
*It will benefit him/her if a parent reads with him/her.*
Má thógann sibh sealanna ag léamh, beidh seans ag X sult a bhaint as na pictiúir/ as an scéal.
*If you take turns when reading, X will have the opportunity to enjoy the pictures/ the story.*
Iarr ar X cur síos a dhéanamh ar an méid a bhíonn léite aici/aige.

*Ask X to retell what s/he has read.*

Is cleachtadh maith é siollaí na bhfocal a rá.

*It is good practice to say the syllables in the words.*

Bainigí úsáid as an leabharlann poiblí chun teacht ar réimse leabhair Ghaeilge agus Bhéarla.
*Make use of the public library to access a range of books in both Irish and English.*
Is féidir leabhair dheasa Ghaeilge agus Bhéarla a fháil ón leabharlann phoiblí, saor in aisce.
*Lovely Irish and English books are available, free of charge, in the public library.*
Coinnigí oraibh ag déanamh cleachtaí ar na fónaicí/táblaí.
*Carry on together practicing the phonics/tables.*
Tógaigí sealanna ag comhaireamh in 2anna, 5eanna, 10 annna.
*Take turns counting in 2s, 5s, 10s.*

**Éisteacht Ghníomhach** *Active Listening*

Tabhair tascanna beaga do X le déanamh timpeall an tí, rud a fhorbróidh neamhspleáchas, féinmhuinín, agus cumas éisteachta.
*Give X little jobs to do around the house, this will help develop independence, self-confidence, and listening skills.*
Iarr ar X insint ar ais duit an méid a dúirt tú, chun an tuiscint ar a gcloiseann sí/sé a fheabhsú.
*Ask X to repeat to you what you said, this will help improve his/her understanding of what s/he heard.*
Is léir go dtugann sibh tacaíocht do X leis an obair scoile sa bhaile. Tá an-suim aige/aici san fhoghlaim dá bharr.
*It is evident that you support X with the schoolwork at home. S/he has an interest in learning as a result.*
Is léir gur thug sibh an-tacaíocht do X i rith an dianghlasála. Tá rath ar a chuid/cuid foghlama dá bharr.
*It is evident you have given X lots of support during the lockdown. S/he has been successful in his/her learning as a result of this.*
Go raibh maith agat as do thacaíocht i rith na bliana.
*Thank you for your support during the year.*

**Nótaí tráchta;** ***Comments*;**

***An Ghaeilge***

Rinne X go leor dul cinn sa Ghaeilge i mbliana.

*X made lots of progress this year.*

Tá Gaeilge álainn shaibhir ag X.

*X has lovely rich Irish.*

Baineann X sult as rannta, dánta, is rabhlóga / na leabhair Ghaeilge sa rang.

Tuigeann sé/sí na coinchepanna gramadaí ar fad.

*X enjoys rhymes, poems, and tongue twisters / the Irish books in the classroom.*

Tháinig feabhas suntasach ar a c(h)umas [labhartha/ léitheoireachta/ scríbhneoireachta/ éisteachta/ mata/ táblaí] i mbliana.

*She/he made significant improvement with his/her [spoken language/ reading/ writing/ listening/ maths/ tables] this year.*

Cabhróidh sé go mór leis/léi an Ghaeilge a chleachtadh sa samhradh ionas nach gcaillfidh sé/sí an méid a shealbhaigh sé/sí i mbliana/ a d'fhoghlaim sé/sí.

*It would be very beneficial for him/her to practice reading during the smmer so that he/she does not loose the level he/she has acquired this year / what he/she has learned.*

Tá cláracha deasa Gaeilge le fáil ar https://www.cula4.com/ga/. Is féidir cluichí Gaeilge a fháil ar https://seideansi.ie/aiseanna-eile.php#leabhairíní_freisin.

*There are lovely Irish programmes available at https://www.cula4.com/ga/. Irish games can also be found at https://seideansi.ie/aiseanna-eile.php#leabhairíní_freisin.*

**Ginearálta** ***General***

Tá mé an-shásta leis an dul chun cinn atá déanta ag X i mbliana.

*I am very pleased with the progress X has made this year.*

D'oibrigh X go crua ar scoil i mbliana.

*X worked very hard this year.*

Bíonn sé/sí díograiseach agus cúramach i mbun a chuid/a cuid oibre agus taispeánann sé/sí dearcadh dearfach i gcónaí.

*He/she is diligent and careful with his/her work and always has a positive outlook.*

Is dalta díograiseach é/í agus rinne sé/sí obair mhaith i rith na bliana.

*He/she is a diligent pupil and did great work this year.*

Oibríonn X ar a seacht /a sheacht ndícheall ar scoil i gcónaí. Molaim go mór í/é.

*X always works diligently at school. I highly commend him/her.*

Tá feabhas ag teacht ar a peannaireacht/ a pheannaireacht (freisin).

*His/her handwriting is improving (as well).*

Tá tuiscint mhaith aige/aici ar na coincheapa ar fad sa mhata.

*S/he has a good understanding of all the maths concepts.*

Tá ard spéis aige/aici san fhoghlaim agus tá cumas iontach foghlama ann/inti.

*S/he is very interested in learning and has a great ability to learn.*

Foghlaimíonn sé/sí go tapa gan mórán stró.

*S/he learns quickly and without much difficulty.*

Is léir go bhfuil bua na healaíona/na matamaitice ag X.

*It is evident that X has a talent for the arts/mathematics.*

Tá an suim ag X sa .....

*X has a great interest in ….*

Bíonn claonadh ann/inti brostú tríd an obair scríofa. Iarraim air/uirthi a bheith níos cúramaí leis an litriú.

*S/he has a tendency to rush through the written work. I would ask that s/he take more care with spellings.*
Nuair a bhíonn X cúramach, ní dhéanann sé/sí botúin simplí sa litriú.
*When X takes care, s/he does not make simple mistakes with spellings.*
Má dhíríonn sé/sí aird iomlán ar an tasc atá idir láimhe, éiríonn go maith leis/léi.
*If s/he gives his/her full attention to the task in hand, s/he does well.*
Cé go mbíonn treoir de dhíth air/uirthi éiríonn leis/léi le tacaíocht, agus bíonn dul chun cinn le sonrú ina c(h)uid oibre.
*Despite him/her needing direction s/he achieves with support, and improvements are evident in his/her work.*
Uaireanta, ní bhíonn fonn air/uirthi a bheith páirteach in imeachtaí grúpa ach tá súil agam go dtiocfaidh feabhas air seo amach anseo.
*Sometimes, s/he is not eager to participate in group activities but I hope this will improve with time.*

Is ag dul i méid atá a chuid/a cuid muiníne, le linn obair ghrúpa, ach go háirithe.
*His/her confidence is improving all the time, particularly during group-work.*
Réitíonn sé/sí go maith lena c(h)omhleacaithe agus tá gean ag na páistí eile air/uirthi.
*S/he gets on well with his/her peers and they are fond of him/her.*
Tá sé/sí maith in ann a t(h)uairimí féin a chur in iúl.
*S/he is well able to articulate his/her opinions.*
Bíonn X cabhrach agus dea-mhúinte sa rang [i gcónaí]. / Bíonn X an-chneasta leis na páistí eile sa rang.
*X is [always] helpful and well-mannered in the class. X is very kind to the other children in the class.*

**Eagrúcháin** ***Organisation***

Bíonn ord agus eagar ar an obair a dhéanann X i gcónaí.
*The work s/he does is neat and organized.*
Ní mór do X foghlaim le haire a thabhairt dá thraipisí/traipisí féin.
*S/he must learn how to take care of his/her own belongings.*
Ghlac X freagracht níos fearr as aire a thabhairt dá chuid/cuid traipisí i mbliana.
*X took better responsibility for taking care of his/her own belongings this year.*
Is maith liom a fheiceáil go bhfuil X ag éirí níos cúramaí faoina chuid/cuid scríbhneoireachta.
*I am happy to see that X is becoming more careful with his/her writing.*
Glacann sé/sí páirt an-ghníomhach sa rang agus freagraíonn sé/sí do mholadh, do chabhair agus do ghríosadh.
*S/he actively participates in class and responds well to praise, assistance and encouragement.*
Tagann rath ar obair X le moladh. Mol í agus tiocfaidh sí! / Mol é agus tiocfaidh sé!
*Improvements can be seen in X's work when praised. Praise her and she will flourish!/Praise him and he will flourish!*
Ní dhéanann X an obair as a stuaim féin. Is gá é/í a spreagadh chun na hoibre.
*X does not do the work under his/her own initiative. S/he must be encouraged to work.*
Bíonn spreagadh an mhúinteora riachtanach, nó ní thosóidh sé/sí ar an obair. Is gá dó/di freagracht a ghlacadh as a fhoghlaim/a foghlaim féin.
*Teacher motivation is required or X will not start the work on his/her own. S/he must take greater responsibility for his/her own learning.*

Tháinig X chun cinn i mbliana le cabhair leanúnach, síor-*spreagadh* agus moladh ón múinteoir.
*X made progress this year with continuous and constant motivation and praise from the teacher.*

Bheinn ag súil go mbeadh sé/sí ní ba neamhspleáiche i Rang X.
*I would hope that s/he will be more independent in Rang X.*
Má leanann sé/sí ag obair go díograiseach, éireoidh go geal leis/léi amach anseo.
*If s/he continues to work diligently, s/he will do very well in the future.*
Táim cinnte go n-éireoidh go geal leis/léi an bhliain seo chugainn.
*I am certain that s/he will do very well next year.*
Bhain mé an-taitneamh as X a mhúineadh. Guím gach rath air/uirthi don bhliain seo chugainn.
*I really enjoyed teaching X. I wish him/her the best of luck for next year.*
Tá súil agam go mbeidh samhradh spraoiúil ag X. Tá sé saothraithe go maith aici/aige.
*I hope X has a fun summer. S/he has earned it.*
Tá súil agam go mbainfidh sibh sult as laethanta saoire an tsamhraidh.
*I hope you all enjoy the summer holidays.*

**Poncúlacht** *Punctuality*

Ar fheabhas
Excellent
Go maith
Good
Le feabhsú
To be improved
Is minic go mbíonn X déanach don scoil.
X is often late for school.